Suirbhé Turasóireachta Chorca Dhuibhne 2010

Údair na Tuarascála | Fiona Tobin agus Feargus Dunne

Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí, Co. Chiarraí

Dearadh | Daire Ó Beaglaoich, Graftrónaic. 066-915 5876

Údarás na Gaeltachta

Clár an Ábhair

Brollach iii

Réamhrá iv

Sainchúram an Tionscadail 1

Modheolaíocht Taighde 2

- Daonra faoi chaibidil & Sampláil
- Bailiú na Sonraí
- Dearadh an Cheistneora
- Anailís ar na Sonraí

Cuid 1: Torthaí an Taighde – Próifíl na gCuairteoirí 3

Cuid 2: Próifíl Ghaeltacht Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe turasóireachta 7

Cuid 3: Próifíl ar Eispéireas an Turasóra 12

Cuid 4: Impleachtaí an Taighde 15

Teorainneacha an Taighde 16

Aguisín A 17

Aguisín B 24

Brollach

Is beartas é Suirbhé Turasóireachta Chorca Dhuibhne 2010 de chuid Údarás na Gaeltachta, an t-eagras atá freagrach as forbairt eacnamaíochta, chultúrtha agus shóisialta na gceantar Gaeltachta. Tá an tionscal turasóireachta ar cheann de na príomhearnálacha eacnamaíochta i nGaeltacht Chorca Dhuibhne agus thionscnaíodh an taighde seo toisc easpa eolais téagartha i dtaobh próifíleanna, dearcaí agus tuairimí cuairteoirí a thagann don cheantar bheith ar fáil.

Creideann An tÚdarás gur foinse thábhachtach i gceapadh polsaithe maidir leis an tionscal turasóireachta go háitiúil eolas mar seo bheith ar fáil go saoráideach. Beidh tionchar mór ag an eolas seo ar cheapadh príomhachtaí infheistíochta ó thaobh deontas de agus tacaíochtaí rialtais eile atá á riaradh ag eagrais Stáit a bhfuil comhfhreagrachtaí orthu i leith fhorbairt na hearnála seo.

Thar aon ní eile, tá eolas den sórt sin luachmhar don tionscal turasóireachta áitiúil agus ba chóir go gcabhródh sé leis díriú ar mhargaí tábhachtacha, leibhéil níos airde sástachta i measc custaiméirí a chur ar fáil agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí nua a bheidh mar chuid den tairiscint aibí turasóireachta i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhleacaithe in Fáilte Ireland as a gcúnamh i gcur le chéile na gceistneoirí agus as a gcuid áiseanna a chuir ar fáil dúinn. Taimid faoi chomaoin ag bailitheoirí an tsuirbhé as a ndíogras agus a gcuid oibre crua agus iad i mbun bailithe. Táimid buíoch d'údair na tuarascála, Feargus Dunne agus Fiona Tobin ó Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí as a gcomhairle luachmhar agus as an anailís a rinne siad ar thorthaí an taighde. Táimid faoi chomaoin ag Comharchumann Turasóireachta Chorca Dhuibhne, agus an tionscal áitúil turasóireachta, go háirithe na gnóthaí nó fiontair sin a thug cúnamh ar bhonn rialta dúinn le linn 12 seachtaine an tsuirbhé.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis na cuairteoirí ar fad a ghlac páirt sa suirbhé seo. Tá súil againn go rachaidh an t-eolas atá bailithe anseo chun tairbhe eagrais thurasóireachta agus an tionscal áitiúil turasóireachta agus go gcabhróidh an t-eolas leo a chinntiú go leanfaidh cuairteoirí ag filleadh don cheantar sna blianta beaga atá romhainn chun blaiseadh a fháil de agus sásamh a bhaint as a bhfuil ar fáil do thurasóirí sa Ghaeltacht.

Éamonn Ó Neachtain
Bainisteoir Réigiúnach, Údarás na Gaeltachta

Réamhrá

I mí an Mheithimh 2010, thionscnain Údarás na Gaeltachta, suirbhé ar thurasóirí go Gaeltacht Chorca Dhuibhne. Ina dhiaidh sin choimisiúnaigh an tÚdarás tuarascáil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé thurasóireachta sin a rinneadh le linn samhraidh 2010.

Ba í an réasúnaíocht a bhí taobh thiar den taighde agus a thiomáin an taighde ná an fhíric go bhfuil an tionscal turasóireachta ar cheann de na príomh-earnálacha eacnamaíocha i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Tá forbairt na hearnála ina tosaíocht ag Údarás na Gaeltachta go háitiúil agus tá cistí suntasacha infheistithe ag an eagraíocht i mbonneagar agus seirbhísí turasóireachta le blianta beaga anuas. Tá pleanáil d'fhorbairt na hearnála ag brath ar fhaisnéis reatha agus ábhartha maidir le próifíl, dearcadh agus tuairimí na gcuairteoirí go dtí an ceantar.

Ba é príomhchuspóir an staidéir ná roinnt tacar príomheolais a bhaineann leis an tionscal turasóireachta áitiúil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne i 2010 a fháil amach lena n-áirítear;

- Próifíl dhéimeagrafach an chuairteora
- Cúiseanna a roghnaíodh an ceantar le haghaidh laethanta saoire
- Rátaí sástachta na gcuairteoirí le lóistín, bia agus meallachtaí sa cheantar.

Bhí sé d'aidhm ag an staidéar faisnéis a chur ar fáil a thacódh le anailís chomparáideach a dhéanamh idir torthaí an tsuirbhé áitiúil agus suirbhéanna bliantúla Fáilte Ireland ar dhearcadh cuairteoirí. Ina theannta seo tacaíonn an t-eolas a cuireadh le chéile le hanailís a dhéanamh ar shuirbhéanna a rinneadh roimhe seo i limistéar an staidéir, go háirithe Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí (2004).

Is é Údarás na Gaeltachta a chuir an ceistneoir le chéile le tacaíocht theicniúil ó chomhleacaithe i bhFáilte Ireland agus is áiritheoirí a bhí earcaithe ag an Údarás a rinne riaradh air.

Rinne Feargus Dunne agus Fiona Tobin ón Roinn Óstáin, Lónadóireachta agus Turasóireachta, in Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí, Co Chiarraí an anailís ar na torthaí.

Sainchúram an Tionscadail

Iarradh ar údair na tuarascála athbhreithniú a dhéanamh ar *Thaighde Turasóireachta Contae Chiarraí* (2004) agus tuarascálacha turasóireachta eile atá ábhartha chun éascú a dhéanamh ar chomparáidí idir na torthaí ón tuarascáil seo agus tacair shonraí roimhe sin.

Is iad na príomhchuspóirí eolais a bhí leagtha amach ag Údarás na Gaeltachta ná:

Próifíl na gCuairteoirí – líon na gcuairteoirí, líon na gcuairteoirí athuair, tiomsú próifíl dhéimeagrafach

Próifíl na Taithí Turasóireachta – Leibhéil shástachta le lóistín, bia agus áiseanna agus sásamh iomlán lena n-áirítear tuairimí, gníomhaíochtaí/caitheamh aimsire gur glacadh páirt iontu

Impleachtaí an Taighde – Conclúid agus Moltaí

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach tá an tuarascáil seo curtha le chéile mar seo a leanas:

Cuid a hAon – Próifíl na gCuairteoirí ó thaobh: inscne, aois, slí bheatha, tír nó contae cónaithe, modh iontrála, rl

Cuid a Dó – Próifíl de Ghaeltacht Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe turasóireachta ag cur san áireamh:
Príomhchuspóir na cuairte, minicíocht na cuairte, oícheanta caite sa cheantar, fachtóirí tábhachtacha i roghnú an cheantair chun cuairt a thabhairt air, rl.

Cuid a Trí – Próifíl na Taithí Turasóireachta
Leibhéil shástachta foriomlána le hearnálacha éagsúla, dealraitheacht go bhfillfear arís ar cuairt, rl.

Cuid a Ceathair – Impleachtaí an Taighde

Modheolaíocht Taighde

Daonra faoi chaibidil agus Sampláil

D'fhonn na cuspóirí taighde a bhaint amach, aithníodh gurbh é an daonra a bhí faoi chaibidil ná gach turasóir chuig Gaeltacht Chorca Dhuibhne. Roghnaíodh sampla randamach simplí den daonra seo.

Ba é an modh samplála a úsáideadh ná an deichiú duine a stopadh ar an suíomh agallaimh tar éis chríochnú an agallaimh roimhe sin. Má bhí an duine seo mí-oiriúnach don daonra a bhí faoi chaibidil (*áirithe sa suirbhé cheana féin/ina chónaí sa cheantar*) nó má roghnaigh sé gan freagra a thabhairt ansin bhí treoir tugtha don lucht agallaimh fanacht ar an gcéad deichiú duine eile.

Bailíodh ceistneoirí comhlánaithe in ionaid áirithe i mbaile an Daingin agus siar ón mbaile. Bailíodh an chuid is mó sna hionaid is mó turasóireachta i mbaile an Daingin – is é sin i gcomharsanacht cheantar an mharina.

Roghnaíodh na hionaid seo toisc go bhfuil leibhéil choisithe ard acu. Roghnaíodh roinnt ionad faoi dhíon chun deacrachtaí le linn drochaimsire a shárú lena n-áirítear Oifig Turasóireachta an Daingin, Mara Beo (Uisceadán an Daingin), Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin agus an Múseam i mBaile an Fheirtéaraigh. Rinneadh an suirbhé ar sheacht lá na seachtaine idir 09:00r.n agus 09:00i.n thar tréimhse 12 seachtaine.

Bailíodh 577 agallamh bailí san iomlán. Meastar go dtugann méid an tsampla de bheagnach 600 agus an cineál samplála a úsáideadh, léargas leathan ar an raon cuairteora a thagann ar cuairt go dtí an ceantar.

Bailiú Sonraí

Chuir Údarás na Gaeltachta oiliúint agus treoir ar fáil do na háiritheoirí sara dtosaíodh ar an suirbhé. Rinne gach áiritheoir roinnt suirbhéanna píolótacha agus rinneadh anailís orthu agus ceartaíodh aon earráidí. Scrúdaíodh suirbhéanna comhlánaithe chun a chinntiú go raibh siad bailí.

Dearadh an Cheistneora

Cheap Údarás na Gaeltachta, i gcomhar le Fáilte Ireland agus páirtithe ábhartha eile, ceistneoir le 23 cheist chun aidhmeanna an tionscadail taighde a luadh níos luaithe a bhaint amach. D'fhonn caighdeánú na bhfreagairtí agus chun earráidí léirmhínithe ar na sonraí ag céim na hanailíse a sheachaint, is 'ceisteanna dúnta' is mó a úsáideadh sa suirbhé. Chomh maith leis sin, úsáideadh scálaí orduimhriúil simplí éasgsúla (seicheamhach/rangú) chun dearcaí éagsúla i measc na bhfreagróirí a thomhas. Ba í an stíl agus struchtúr ceistneora seo is fearr a bhainfeadh amach cuspóirí an taighde.

Bhuail údair na tuarascála seo le hÚdarás na Gaeltachta i ndiaidh chéad dearadh an cheistneora chun fadhbanna féideartha a mheas agus moltaí a dhéanamh faoin gceistneoir deiridh. Mar thoradh ar na cruinnithe seo rinneadh leasuithe tábhachtacha ar an gceistneoir deiridh.

Tá cóip den cheistneoir deiridh ar fáil in Aguisín A den tuarascáil seo.

Anailís ar Shonraí

Rinne údair na tuarascála anailís ar na sonraí a bhí ginte ag an suirbhé agus a cuireadh faoina mbráid ag úsáid SPSS (Statistical Package for Social Sciences) clár anailíse sonraí.

Cuid a hAon

Torthaí an Taighde – Próifíl na gCuairteoirí

As freagróirí an tsuirbhé, bhí díreach os cionn leath díobh (52.9%) fireann agus an chuid eile, is é sin 47.1%, díobh baineann. Tugann sé seo comhionannas inscne cothrom sa sampla.

Maidir le haois na bhfreagróirí, bhí 47.7% idir 35-54 bliana d'aois, agus cuairteoirí 55 + bliain ar an dara grúpa is mó (30.2%), agus iad siúd idir 19-34 bliana ag 20.5% de rannpháirtithe an tsuirbhé. Cé nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir suirbhéanna náisiúnta eile agus na figiúirí seo, is dealraitheach go meallann Gaeltacht Chorca Dhuibhne cohórt níos sine i.e. daoine den chuid is mó as na grupaí aoise os cionn 35 bliana. Bhí 1.4% de na freagróirí faoi bhun 18 mbliana d'aois*.

Bhí an chuid is mó de na cuairteoirí a ndearnadh suirbhé orthu ag taisteal le páirtí (42.4%), cé go raibh céatadán suntasach sa réigiún mar chuid de ghrúpa teaghlaigh (32.9%) agus le daoine fásta eile (15.4%). Bhí beagnach 10% de na freagróirí ag taisteal ina n-aonar. Tá impleachtaí aige seo don tionscal sa cheantar, sa tslí ina bhfreastalaítear ar chuairteoirí aonair.

Dúirt formhór na gcuairteoirí a cuireadh faoi agallamh le haghaidh an tsuirbhé go raibh gairmbheatha phríomhshaothraí a líon tí sa chatagóir Proifisiúnta Gaolmhar agus Teicniúil (31.5%), agus 26.2% de na freagróirí sa chatagóir Bainistíocht/Proifisiúnta. Bhí beagnach 58% den iomlán ón dá dheighleog seo, fíric a bhfuil buntáistí soiléire ann do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne de bharr chlaonadh na ngrúpaí seo taisteal agus an t-ioncam indiúscartha a bhíonn ar fáil acu. Léiríonn Figiúr 3 an raon iomlán de ghairmeacha beatha díobh sin a ceistíodh sa suirbhé.

FIGIÚR 1: INSCNE NA bhFREAGRÓIRÍ



FIGIÚR 2: AOIS NA bhFREAGRÓIRÍ



** Ní léiriú an figiúr de 1.4% don aoisghrúpa faoi 18 ar líon na ndaoine faoi 18 a thug cuairt ar an gceantar. Níor cuireadh agallamh ar aon duine faoi 18 mar chuid den staidéar seo ach amháin iad sin a bhí in éineacht le duine fásta.*

FIGIÚR 3: GARIMBHEATHA PHRÍOMHSHAOTHRAÍ



Maidir le tír chónaithe na gcuairteoirí, bhí tromlach na gcuairteoirí a thug cuairt ar an gceantar staidéir le linn na tréimhse samplála, ní nach ionadh, ó mhargaí traidisiúnta. Bhí turasóirí as Poblacht na hÉireann sa ghrúpa is mó cuairteoirí le 43.8%, agus ina dhiaidh sin turasóirí as Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) le 17.6%, as an mBreatain Mhór le 15.1%, as an nGearmáin le 7.9%. Tá na 6 margaí is mó, murb ionann agus 90% de na cuairteoirí ar taispeáint i bhfigiúr 4.

FIGIÚR 4: TÍR CHÓNAITHE NA bhFREAGRÓIRÍ



Tá sé suimiúil na figiúirí thuas a mheas chomh fada agus a bhaineann siad le *Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí* (2004)[1]. Cé gur chuimsigh an taighde sin contae Chiarraí ar fad, agus dá bhrí sin, nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh, ba iad na margaí is mó (taobh amuigh den mhargadh baile) i dtaca le tír chónaithe na gcuairteoirí sa suirbhé sin An Bhreatain (24%), An Ghearmáin (18.4%) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (14 %).

Sa suirbhé is déanaí is ionann margadh na Breataine agus 15.1% de na cuairteoirí iomlána, laghdú de bheagnach 9% i gcomparáid le sonraí *Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí* (2004). Léiríonn taighde ó Tourism Ireland ó 2009[2], chomh maith le faisnéis níos déanaí ó Phríomh-Oifig Staidrimh na hÉireann (CSO)[3] go bhfuil meath tromchúiseach ar mhargadh na Breataine faoi láthair, le titim 15% sa líon cuairteoirí chun na tíre seo i 2009 ón mbliain roimhe sin, agus sceitheadh leanúnach sa chéad sé mhí de 2010.

Is pointe an-dearfach é go bhfuil cuairteoirí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an margadh is mó idirnáisiúnta atá ag tabhairt cuairte ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, mar go léirítear go soiléir i dtaighde Tourism Ireland (2009) go bhfanann cuairteoirí Mheiriceá Thuaidh (Stáit Aontaithe Mheiriceá den chuid is mó), ar feadh tréimhsí níos faide agus go gcuireann siad níos mó ar fáil i dtéarmaí ioncaim mar chéatadán de na cuairteoirí, ná margaí eile.

Sa staidéar seo, is ionann agus 46.6% de na freagróirí turasóirí ó Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. In *Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí* (2004) bhí an figiúr don mhargadh baile (uile-oileánda) ag 31%. D'fhéadfaí an méadú seo a mhíniú i bpáirt trí mheascán den chúlú eacnamaíochta reatha a bhfuil mar thoradh air go bhfuil claonadh níos mó ag turasóirí i dtreo laethanta saoire a chaitheamh sa bhaile, chomh maith, b'fhéidir, leis an bhfeachtas margaíochta suntasach a reáchtáil Fáilte Ireland in Earrach/ Samhradh 2010 a bhí dírithe ar an deighleog seo a fhorbairt.

[1] Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí (Feabhra 2004)

[2] Tourism Ireland Facts & Figures 2009 – Island of Ireland Overseas Visitors

[3] www.**cso**.ie/releasespublications/...travel/**2010**/overseas travel_jun**2010**.pdf (aimsithe 10/11/'10)

San iomlán, bhí ionadaíocht ag 27 tír i measc fhreagróirí an tsuirbhé, agus ag fágaint as an áireamh na margaí atá luaite thuas cheana féin, bhí cuairteoirí ann ón tSeapáin, An Iodáil, An Astráil, An tSlóvaic, An Airgintín, Iosrael, An Spáinn, An Eilvéis, An Afraic Theas, An Ostair, Ceanada, An Nua-Shéalainn agus Poblacht na Seice. Cé go raibh an líon daoine ó na tíortha sin i rith na tréimhse samplála i bhfigiúirí singil, is ábhar spéise é an bonn leathan de chuairteoirí a mhealltar chuig Gaeltacht Chorca Dhuibhne.

Maidir leis an gcontae ónar tháinig na freagróirí, léiríonn an suirbhé go bhfuil 32 contae na hÉireann san áireamh sa sampla cé go bhfuil roinnt contaetha a raibh líon na gcuairteoirí astu i bhfigiúirí singil an-íseal. Tháinig na grúpaí is mó freagróirí as contaetha Baile Átha Cliath (24%), Corcaigh (19.9%), Luimneach (7.4%), Gaillimh (6.6%) agus Cill Dara (5.9%). Tá na contaetha a bhfuil níos mó ná 2% de chuairteoirí astu léirithe i bhFigiúr 5.

I ndáil le cuairteoirí idirnáisiúnta go dtí an ceantar, do bheagán níos mó ná 70% de na freagróirí, ba é aerthaisteal an modh is coitianta a úsáideadh chun teacht, figiúr a fhreagraíonn don fhigiúr a thaispeántar in *Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí* na bliana 2004.

Bhí Aerfort Átha Cliath ar an bpointe rochtana a d'úsáid beagnach leath na gcuairteoirí go Gaeltacht Chorca Dhuibhne, rud go mbeadh súil agat leis nuair a thógtar san áireamh;

- líon mór de naisc idirnáisiúnta an aerfoirt
- gurb í Cathair Átha Cliath príomhchathair na hÉireann agus go bhfuil cáil uirthi ar aon dul le príomhchathracha Eorpacha eile
- gur thug 51% de chuairteoirí idirnáisiúnta go hÉirinn sa bhliain 2009 cuairt ar réigiún Bhaile Átha Cliath mar chuid dá dturas (Turasóireacht Éireann 2009)
- gurb é Baile Átha Cliath an ceann scríbe is céad rogha le freagróirí an tsuirbhé seo, agus gurbh é Conamara agus An Daingean an dara agus tríú háit faoi seach. (Féach figiúr 7)

FIGIÚR 5: CONTAE CHÓNAITHE NA bhFREAGRÓIRÍ



FIGIÚR 6: MODH IONTRÁLA



FIGIÚR 7: NA TRÍ PHRÍOMHCHEANN SCRÍBE IN ÉIRINN IS ROGHA LE FREAGRÓIRÍ

Tacaíocht	1	2	3	4	5
1 Ceann Scríbe is rogha	BÁC	Conamara	An Daingean	Ciarraí	Gaillimh
2 Ceann Scríbe is rogha	Ciarraí	Conamara	BÁC	Gaillimh	An Daingean
3 Ceann Scríbe is rogha	Ciarraí	Gaillimh	BÁC	Conamara	An Daingean

Bhí Aerfort na Sionainne ar an dara pointe rochtana is tábhachtaí le 14.1% de na cuairteoirí idirnáisiúnta a ndearnadh suirbhé orthu ag teacht tríd an aerfort sin. Tá saincheisteanna atá i mbéal an phobail ag cur isteach ar Aerfort na Sionainne le blianta beaga anuas, lena n-áirítear laghdú de suas le 1 milliún ar líon na bpaisinéirí i 2010 amháin[4]. Mar fhreagra tá Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) ag beartú anois athrú a dhéanamh ar an tsamhail ghnó ag Aerfort na Sionainne trí bhogadh ón tsamhail chostas íseal a bhí acu roimhe seo. Tá sé tábhachtach béim a chur in athuair ar an luach a bhaineann le pointe rochtana idirnáisiúnta a bheith in iarthar na tíre.

Léiríonn an figiúr de 2.6% de chuairteoirí idirnáisiúnta go dtí an ceantar, a tháinig trí Aerfort Chiarraí, líon na gcuairteoirí ón mBreatain Mhór ar bhealaí Londain & Manchain agus ón nGearmáin ar bhealach Frankfurt (Hahn). Ní chuireann an suirbhé san áireamh iad siúd a bhain leas as eitiltí baile go hAerfort Chiarraí chun teacht ar saoire go Corca Dhuibhne. D'fhéadfaí é seo a scrúdú níos mine i staidéar eile amach anseo.

Léiríodh sa suirbhé go bhfuil taisteal ar farraige tábhachtach chomh maith i dtaca le rochtain de agus fuarthas amach gurb é calafort Ros Láir an tríú pointe iontrála is coitianta i measc cuairteoirí idirnáisiúnta go dtí an ceantar, i ndiaidh Aerfoirt Átha Cliath agus na Sionainne, agus go raibh Calafort Chorcaí ar an gcúigiú pointe iontrála is mó a úsáideadh. Is cosúil gur thug ath-sheoladh bealach farantóireachta Swansea go Corcaigh in Earrach 2010, tar éis briseadh ceithre bliana, spreagadh dearfach do líon na gcuairteoirí go dtí an ceantar ach ní hé cúram an tsuirbhé seo é sin a mheas.

Léiríonn Figiúr 8 an modh iontrála chun na tíre a d'úsáid cuairteoirí ó na príomh-mhargaí idirnáisiúnta.

FIGIÚR 8: MODH IONTRÁLA DE RÉIR MARGAIDH



Ní gá gur 100% a bheadh san iomlán toisc go gcaithfear a thógail san áireamh líon beag daoine a thug an bóthar orthu féin go dtí an ceantar ó Thuaisceart Éireann.

[4] Fógra Straitéise Aerfort na Sionainne, Samhain 2010

Cuid 2

Próifíl Ghaeltacht Chorca Dhuibhne mar Cheann Scríbe Turasóireachta

Ba é 'Saoire/Caitheamh Aimsire' an phríomhchúis a bhí ag níos mó ná 81.6% de na freagróirí chun cuairt a thabhairt ar an gceantar staidéir, cé go raibh 10.9% de na cuairteoirí ann chun 'cuairt a thabhairt ar chairde agus ar ghaolta' (VFR), agus gan ach 1.1% le haghaidh 'gnó'. I *dTaighde Turasóireachta Contae Chiarraí* (2004), bhí 95% de na cuairteoirí a ndearnadh suirbhé orthu ar cuairt i gCiarraí le haghaidh saoire/caitheamh aimsire amháin. Léiríonn figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus Fáilte Ireland gur 'saoire' a bhí mar phríomhchúis le cuairt a thabhairt ar Éirinn ag díreach faoi bhun 45% de na cuairteoirí idirnáisiúnta i 2009.

FIGIÚR 9: PRÍOMHCHUSPÓIR NA CUAIRTE



Léirítear i bhFigiúr 10 thall miondealú ar an margadh saoire/caitheamh aimsire amháin, de réir tíortha cónaithe na gcuairteoirí.

Chun líon na gcuairteoirí a fhilleann go dtí an ceantar a mheas, iarradh ar na freagróirí cé chomh minic agus a thug siad cuairt ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Léiríonn Figiúr 11 go raibh beagán níos mó ná leath díobh siúd a thug freagra ar a gcéad chuairt. Sin i gcomparáid le 65% a thug freagra i *dTaighde Turasóireachta Contae Chiarraí* sa bhliain 2004. As na freagróirí eile sa staidéar seo, bhí 49.2% ar cuairt ar a laghad uair amháin roimhe seo, agus 17.7% ar a ndara cuairt ar a laghad le linn na bliana.

FIGIÚR 10: MODH IONTRÁLA



FIGIÚR 11: MINICÍOCHT NA gCUAIRTEANNA



[5] www.**cso**.ie/releasespublications/...travel/**2010**/overseas travel_jun**2010**.pdf (aimsithe 10/11/'10)

[6] Fáilte Ireland Tourism Facts 2009

Léiríonn Figiúr 12 minicíocht na gcuairteanna de réir thíortha cónaithe na bhfreagróirí.

Maidir le rochtain a fháil ar an gceantar, ní raibh aon deacracht ag formhór mór na gcuairteoirí (94.6%) 'Dingle/An Daingean' nó 'An Daingean' (mar a bhí scríofa i gCeist 7 sa leagan Béarla agus Gaeilge faoi seach) a bhaint amach. Astu sin go raibh deacracht éigin acu (5.4% den sampla iomlán), ba chomharthaí bóthair dona an phríomhchúis a luaigh díreach faoi bhun 60% (de 5.4%) de na freagróirí. Deacrachtaí eile a aithníodh ná:

- gan tuiscint ag cuairteoirí ar an nGaeilge ar chomharthaí (17.6%)
- an fad ón aerfort (11.8%)
- deacracht a bhaineann le bus poiblí a fháil (5.9%)
- drochléarscáileanna (5.9%)

Is díol spéise é, ón am a rinneadh taighde i 2004, go bhfuil comharthaí bóthair aonteangacha Gaeilge i bhfeidhm ar logainmneacha na Gaeltachta, sna ceantair Ghaeltachta féin agus ar threochomharthaí bóthair lasmuigh den Ghaeltacht. Léiríonn an staidéar seo nach raibh aon deacracht ag beagnach 95% de na cuairteoirí An Daingean a aimsiú agus go mb'fhéidir go bhfuil an t-athrú go comharthaí Gaeilge amháin, ag cur le feasacht an cheantair mar cheantar Gaeltachta.

Ba léir go raibh leibhéal ard feasachta i measc na bhfreagróirí go raibh siad ar cuairt i gceantar Gaeltachta nó ceantar ina labhartar an Ghaeilge (81%). Spreagadh é seo don cheantar agus d'Údarás na Gaeltachta, an ghníomhaireacht atá freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na gceantar Gaeltachta.

In *Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí* 2004 dúradh,

> *"… an obvious lack of awareness and understanding amongst many of the overseas visitors to the county about the Gaeltacht regions in Kerry… Those responsible for marketing the Gaeltacht regions should consider the current levels of awareness and any actions which could be taken to increase same."*

Is cosúil go bhfuil an easpa feasachta sin, cuid éigin de ar a laghad, curtha ina cheart chomh fada agus a bhaineann sé le cuairteoirí go dtí an ceantar staidéir i samhradh 2010.

Léiríonn Figiúr 13 tréimhse cuairte na bhfreagróirí idirnáisiúnta go hÉirinn ar an turas seo inar chaith an chuid is mó díobh (88.4%) ar a laghad 4 oíche sa tír.

FIGIÚR 12: MINICÍOCHT NA GCUAIRTEANNA (DE RÉIR TÍORTHA CÓNAITHE)



San áireamh sna figiúirí do dhá chuairt nó níos mó, tá céatadán d'Éireannaigh a mhaireann thar lear, agus céatadán de dhaoine leis an dara teach i gceantar Ghaeltachta Chorca Dhuibhne.

FIGIÚR 13: OÍCHEANTA CAITE IN ÉIRINN



Maidir le fad na tréimhse a chaith freagróirí sa cheantar, is é 2-3 oíche ar Leithinis Chorca Dhuibhne is coitianta (31%), agus 25% eile ag fanacht idir 4-7 oíche agus 12.9% ag fanacht níos mó ná 8 n-oíche (Féach figiúr 14). Tharlódh go bhfuil muintir na hÉireann atá ina gcónaí thar lear ach atá ag filleadh abhaile, agus iad siúd a bhfuil an dara teach sa cheantar acu, a bheith san áireamh sna grúpaí seo. San iomlán, ba é 3.3 oíche an meánthréimhse a caitheadh sa cheantar.

Scrúdaíonn Figiúr 15 thíos an tréimhse a chaith na freagróirí sa cheantar staidéir de réir a dtíortha cónaithe. Léirítear arís go bhfuil cuairteoirí a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann ina ndeighleog ríthábhachtach den mhargadh, toisc gur gnách leo fanacht níos faide sa cheantar ná aon mhargadh eile. Mar sin féin, caithfear rabhadh a thabhairt arís go bhféadfadh freagróirí atá ag filleadh abhaile ar saoire nó atá ag fanacht sa dara teach sa cheantar, bheith san áireamh i bhfigiúr na gcuairteoirí a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann, rud a chiallódh go mbeadh a luach i dtéarmaí ioncaim laghdaithe i gcomparáid le lucht saoire eile. Is é an meánthréimhse a chaith cuairteoirí a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann sa cheantar staidéir ná 4.4 oíche.

FIGIÚR 14: OÍCHEANTA CAITE I gCORCA DHUIBHNE



FIGIÚR 15: FAD NA CUAIRTE (DE RÉIR TÍORTHA CÓNAITHE)



Bunaithe ar an staidéar seo fanann cuairteoirí ón mBreatain Mhór 3 oíche ar an meán sa cheantar. Sin i gcomparáid le meánthréimhse de 5 oíche a chaith cuairteoirí na Breataine in Éirinn sa bhliain 2009 (Tourism Ireland). Sa suirbhé seo fanann cuairteoirí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá 2.6 oíche ar an meán sa cheantar i gcomparáid le meánthréimhse de 9.6 oíche a chaith an grúpa céanna in Éirinn sa bhliain 2009.

Díobh siúd a chaith oíche sa cheantar staidéir, an modh is coitianta chun lóistín a chur in áirithe ná díreach leis an soláthróir lóistín (figiúr 16), go pearsanta, ar an teileafón nó ar líne ar láithreán gréasáin an tsolátharóra. Léiríonn an figiúr de 19.9% le haghaidh 'Eile' mar a shonraítear thíos líon na bhfreagróirí a shonraigh nach raibh an modh a d'úsáid siad chun lóistín a chuir in áirithe clúdaithe ag aon cheann de na roghanna a bhí ar fáil. Os rud é nach bhfuil aon cheist eile maidir leis an rogha 'Eile' sa cheistneoir, ní féidir breis a rá ina thaobh anseo.

Chun fachtóirí a mbíonn tionchar tábhachtach acu ar chinntí na gcuairteoirí i roghnú an cheantair staidéir mar cheann scríbe saoire a mheas, iarradh ar na freagróirí a lua, ag baint úsáide as rogha tá/níl amháin, cé acu an raibh na fachtóirí atá liostaithe tábhachtach nó nach raibh. Baineann na céatadáin atá leagtha amach i bhfigiúr 17 thall leis na daoine sin a d'fhreagair 'tá' do gach rogha a bhí tugtha.

FIGIÚR 16: MODH A CUIREADH LÓISTÍN IN ÁIRITHE



FIGIÚR 17: TÁBHACHT FHACHTÓIRÍ ÉAGSÚLA I ROGHNÚ AN CHEANTAIR



Díobh siúd a léirigh an tIdirlíon a bheith tábhachtach i roghnú Leithinis Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe le haghaidh a gcuid laethanta saoire (24.3%), bhí rochtain ar fhoinsí éagsúla acu, agus Google ar an gceann is coitianta ag beagnach 80% de na freagróirí. Bhí na láithreáin bholscaireachta oifigiúla eile lena n-áirítear Discover Ireland agus suíomhanna réigiúnacha eile cosúil le dingle-peninsula.ie freagrach as an 20% eile. Tá sé tábhachtach a rá gur féidir gur nasc freagróirí le cuid de na láithreáin seo ó Google, ach tá sé seo lasmuigh de raon feidhme an taighde. Léiríonn Figiúr 18 an briseadh síos ar na príomhláithreáin a tugadh cuairt orthu.

Léiríonn Figiúr 19 na torthaí nuair a cheistíodh na freagróirí ar na fachtóirí a raibh tionchar acu ar a gcinntí teacht go dtí an ceantar staidéir. Is ionann na céatadáin iomlána atá leagtha amach thíos agus céatadáin iomlána in éineacht na bhfreagróirí a d'fhreagair 'tábhachtach' agus/nó 'an-tábhachtach.

Sa suirbhé seo, is é an catagóir *Daoine Cairdiúla agus Fáilteacha* a rátáladh mar an fachtóir is mó a raibh tionchar aige (95.6%) i measc na bhfreagróirí, agus ina dhiaidh sin *Radharcra Álainn* (93.5%). Freagraíonn sé seo go han-dlúth do thorthaí 'Suirbhé ar Dhearcadh Cuairteoirí' 2009 de chuid Fháilte Ireland agus dearbhaíonn sé go bhfuil bunluachanna na hÉireann mar cheann scríbe fós ríthábhachtach don chuairteoir. Bhí *Raon Maith Lóistín* agus *Luach ar Airgead* tábhachtach/an-tábhachtach do bhreis agus 80% de na cuairteoirí sa suirbhé seo chomh maith. Díol suntais leis an fhíric go ndúirt 43.5% de na freagróirí go raibh 'An Ghaeilge á labhairt' ina fhachtóir tioncharach tábhachtach/an-tábhachtach ina gcinneadh chun cuairt a thabhairt ar an gceantar staidéir.

Is ábhar spéise é nár luaigh ach 37.5% de na freagróirí *Féilte & Imeachtaí Cultúrtha* a bheith tábhachtach/an-tábhachtach. Is féidir an figiúr seo a mhíniú go pointe áirithe mar go dtiteann an chuid is mó de na féilte a bhíonn ar siúl sa Daingean agus i nGaeltacht Chorca Dhuibhne ag amanta lasmuigh den bhuaicbhiaiste turasóireachta, agus gur rinneadh an staidéar seo i rith na buaicthréimhse i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa. Cé go bhfuil féilte agus imeachtaí cultúrtha an-tairbheach i dtéarmaí fad a chuir le biaiste na turasóireachta agus cuairteoirí a thabhairt go dtí an ceantar i míonna seachbhuaiceacha, d'fhéadfaí meabhrú breise a dhéanamh ar fhorbairt fhéilte agus imeachtaí cultúrtha nua i rith mhíonna an tsamhraidh, chun cuairteoirí a mhealladh agus líon na leaba-oícheanta a mhéadú, nuair a d'fhéadfadh bearna a bheith sa mhargadh. Ba chóir machnamh leis a dhéanamh ar chur leis na tionscnaimh mhargaíochta a thiteann amach le linn fhéilte agus imeachtaí atá ar bun cheana féin.

FIGIÚR 18: FOINSÍ IDIRLÍN A ÚSÁIDEADH



FIGIÚR 19: FACHTOIRÍ A RAIBH TIONCHAR ACU AR CHINNTÍ



FIGIÚR 20: TÁBHACHT FHÉILTÍ AGUS IMEACHTAÍ CULTÚRTHA (DE RÉIR AOISE)



Cuid 3

Próifíl ar Eispéireas an Turasóra

Rinne an suirbhé measúnú leis ar an taithí turasóireachta foriomlán i measc catagóirí éagsúla agus thástáil sé na rátaí sástachta le soláthar seirbhísí bunúsacha.

Léiríonn Figiúr 21 thall freagraí ar an gceist cé acu an raibh sé i gceist nó nach raibh ag cuairteoirí páirt a ghlacadh i réimse leathan de ghníomhaíochtaí nó spéiseanna, le linn a gcuairte ar an gceantar staidéir. Tugann sé eolas chomh maith ar fhreagraí ar cheist bhreise maidir le cé acu an raibh nó nach raibh siad tar éis páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht. D'fhéadfadh na figiúirí do 'Ghlac mé páirt ann' bheith íseal saorga toisc go bhféadfadh na freagróirí bheith díreach tar éis a gceann scríbe a bhaint amach nuair a cuireadh faoi agallamh iad. Tá raon leathan de thaithí agus ghníomhaíochtaí ar fáil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, a mheallann céatadán áirithe de na cuairteoirí, cé go bhfuil éileamh níos teoranta ar na gníomhaíochtaí níos speisialaithe, mar a léirítear thíos. Is suntasach go bhfuil an céatadán a dúirt 'Ghlac mé páirt ann' níos airde ná an líon a dúirt 'Ar intinn agam', agus treisíonn sé seo an fhíric go bhfuil na cinntí a dhéanann tomhaltóirí maidir le gnáth-ghníomhaíochtaí agus meallachtaí leanúnach agus tá sé tábhachtach go leanfadh soláthróirí turasóireachta ar aghaidh lena gcuid iarrachtaí margaíochta le linn do chuairteoirí bheith ar saoire sa cheantar.

Scrúdaíonn Figiúr 22 thall leibhéil shástachta foriomlána (sásta nó an-sásta sa suirbhé) le gníomhaíochtaí/eispéiris éagsúla, ó thaobh praghais agus caighdeáin de. Tá na torthaí, den chuid is mó, dearfach le leibhéil shástachta os cionn 85% sa dá réimse sin i mbeagnach gach gníomhaíocht agus eispéireas.

FIGIÚR 21: AR INTINN PÁIRT A GHLACADH IN IMEACHT NÓ GNÍOMHAÍOCHT/GHLAC PÁIRT ANN



FIGIÚR 22: LEIBHÉIL SHÁSTACHTA IN IOMLÁN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ/EISPÉIRIS – PRAGHAS & CAIGHDEÁN



Sonraíonn Figiúr 23 na leibhéil shástachta le praghas agus caighdeán i measc catagóirí éagsúla lóistín. Suimiúil go leor, tugann na torthaí le fios go bhfuil an scór is airde sa dá réimse sin ag 'Óstáin/Tithe lóistín'. Scóráil 'Brúanna' an scór ab ísle i dtéarmaí caighdeáin agus 'Ar Cíos/FéinLónadóireacht' ar phraghas.

Maidir le praghas agus caighdeán an bhia atá ar fáil, léiríonn an staidéar seo nach raibh thart ar 20% de na freagróirí sásta le praghsanna an bhia sna catagóirí seo a leanas;

- bialanna beagchostais
- tithe tábhairne agus beáir, agus
- bialanna d'ardchaighdeán

Threisigh tuairiscí éagsúla ar thurasóireacht na hÉireann le blianta beaga anuas, lena n-áirítear an tuarascáil is déanaí ó Ghrúpa Athnuachana na Turasóireachta (2009)[8], an tábhacht chriticiúil atá le luach ar airgead do chuairteoirí a thagann go hÉirinn. Tugann torthaí an tsuirbhé seo le fios go bhfuil na cuairteoirí a thug freagra ar an suirbhé seo ar aon intinn leo, agus sa chomhthéacs sin, ba chóir na torthaí anseo a bhaineann leis an saincheist phraghsála a bheith ina ábhar machnaimh do na catagóirí a luadh.

Ba é 'Siúl/Siúlóid Sléibhe' an ghníomhaíocht ba thábhachtaí do thurasóirí in Éirinn tríd is tríd i 2009[9], le 830,000 turasóir rannpháirteach. Tá an tírdhreach nádúrtha agus tír-raon cheantar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne an-oiriúnach le haghaidh siúil agus siúlóide sléibhe agus tá leibhéil shástachta na bhfreagróirí an-ard, le breis agus 95% 'sásta/an-sásta' leis an táirge i dtéarmaí caighdeáin agus praghasa (féach figiúr 25).

Aithníonn an plean forbartha is déanaí de chuid Fáilte Ireland do Réigiún Chorcaí/Chiarraí[10] an tábhacht a bhaineann le bealaí siúil breise atá lonnaithe in áiteanna straitéiseacha a fhorbairt a thuilleadh agus tá sé tábhachtach go dtógfaí ar an méid seo i straitéisí nua don réigiún amach anseo.

FIGIÚR 23: LEIBHÉIL SHÁSTACHTA IN IOMLÁN LE LÓISTÍN – PRAGHAS & CAIGHDEÁN (*SÁSTA & AN-SÁSTA)



FIGIÚR 24: LÉIBHÉIL SHÁSTACHTA IN IOMLÁN LE BIA – PRAGHAS & CAIGHDEÁN (*SÁSTA & AN-SÁSTA)



FIGIÚR 25: LÉIBHÉIL SHÁSTACHTA IN IOMLÁN LE CAIGHDEÁN & PRAGHAS AN tSIÚIL SLÉIBHE/AN tSIÚIL



[8] New Horizons for Irish Tourism (Mid-Term Review) Report of the Tourism Renewal Group (2009)

[9] Fáilte Ireland Tourism Facts 2009

[10] Plean Forbartha Réigiún an Iardheiscirt 2008-2009 ag Fáilte Ireland

Tugann Figiúr 26 thall breac-chuntas ar an tábhacht choibhneasta atá le gníomhaíochtaí amuigh faoin aer, mar shampla 'spóirt uisce', 'iascaireacht', 'galf', 'marcaíocht ar chapall', 'rothaíocht', 'siúl/siúlóid sléibhe' srl i measc na gcatagóirí éagsúla aoise.

Sa chuid dheireanach den cheistneoir, iarradh ar na freagróirí cé acu an bhfillfidís nó nach bhfillfidís ar an gceantar. Is teachtaireacht thacaíochta shoiléir don táirge turasóireachta atá ar fáil an céatadán ard de na freagróirí (98.2%) a dúirt go bhfillfidís ar ais. Tá sé seo inchurtha go fábharach leis an bhfigiúr in *Taighde Turasóireachta Contae Chiarraí* (2004) de 95% a dúirt go dtabharfaidís cuairt eile ar Chiarraí.

Rinne an cheist dheireanach sa suirbhé iarracht tusicint iomlán a fháil ar eispéireas an chuairteora sa cheantar staidéir, agus bhí sé seo an-dearfach, mar a léirigh na torthaí, sa mhéid is gur mheaitseáil agus gur sháraigh sé mar a bhí súil acu leis i ngach catagóir aoise, seachas an deighleog faoi bhun 18

* Sa suirbhé seo b'ionann agus 1.4% den sampla na freagróirí faoi bhun 18 bliana d'aois.

Sa chuid dheireanach den cheistneoir bhí mír ann a thug cead d' fhreagróirí a dtuairimí a thabhairt ar a n-eispéiris mar chuairteoir sa cheantar agus/nó moltaí a dhéanamh do sholáthróirí turasóireachta áitiúla. Astu siúd a rinne trácht ar a n-eispéiris, bhí an treocht ghinearálta dearfach agus bhí líon suntasach de ráitis mholtacha ó chuairteoirí sásta a bhain den chuid is mó le caighdeán an radharcra, suaimhneas agus síocháin an cheantair, bheith ábalta an Ghaeilge a chloisint á labhairt go nádúrtha agus fáilteachas mhuintir na háite.

Bhain an líon beag tuairimí criticiúla a fuarthas den chuid is mó le himní maidir le costas ard bia agus ithe amuigh chomh maith le fadhbanna a bhfuil baint acu le rochtain a fháil ar roinnt áiseanna do dhaoine a bhfuil deacrachtaí gluaiseachta acu, saincheist a bhaineann le ról na Comhairle Contae sa cheantar.

FIGIÚR 26: AN TÁBHACHT A BHAINEANN LE 'DEISEANNA MAITHE LE HAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ FAOIN AER' (DE RÉIR AOISE)



FIGIÚR 27: AN bhFILLFIDH TÚ AR CHORCA DHUIBHNE?



FIGIÚR 28: LEIBHÉIL SHÁSTACHTA LEIS AN gCUAIRT (DE RÉIR AOISE)



Impleachtaí an Taighde

Seo a leanas roinnt pointí suimiúla a baineadh as an taighde:

- Nuair a ceistíodh daoine faoi na fachtóirí a raibh tionchar acu ar a gcinneadh saoire a chaitheamh sa cheantar staidéir, d'ainmnigh 95.6% and 93.5% 'Daoine cairdiúla, fáilteacha' agus 'Radharcra Álainn' faoi seach mar phríomhfhachtóirí. Tá na bunluachanna seo – *daoine agus áit* i gcroílár tairscint turasóireachta na hÉireann, agus tá siad rangaithe sa chéad agus an dara háit i Suirbhé Dearcadh Cuairteoirí 2009 de chuid Fáilte Ireland agus aithníodh iad mar na cúiseanna go mbíonn rátaí sástachta níos airde ag cuairteoirí ina leith i gcomparáid leis an méid go raibh siad ag súil leis.

- Tá an leibhéal ard feasachta (81%) i measc na bhfreagróirí go raibh siad i gceantar ina labhartar an Ghaeilge ina spreagadh iontach don cheantar. Bhí an suirbhé a rinneadh sa chontae i 2004 cáinteach faoin 'easpa feasachta agus tuisceana' ag bhí ag turasóirí faoi na ceantair Ghaeltachta. Tá féiniúlacht chultúrtha láidir agus ar leithligh ina buntáiste inmhianaithe i dtimpeallacht iomaíoch turasóireachta an lae inniu agus is féidir le gnéithe neamhghnácha nó sainiúla cosúil le teanga áitiúil cabhrú chun idirdhealú a dhéanamh idir cinn scríbe turasóireachta éagsúla agus cuimhní níos fearr ar a n-eispéiris a chothú do chuairteoirí.

- Léiríonn suirbhéanna turasóireachta náisiúnta go bhfuil tionchar an Idirlín ag fás agus luaitear go raibh sé ina phríomhfhoinse eolais ag 48% de na cuairteoirí go hÉirinn (i 2009) i gcomparáid le 29% i 2005. Tugann figiúirí le fios leis go n-úsáideann 84% de lucht saoire ó thar lear a thagann go hÉirinn an tIdirlíon chun gné éigin dá gcuid laethanta saoire a chur in áirithe nó a cheannach. Cé nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh, léirigh an staidéar seo gur úsáid 24% de na cuairteoirí a d'fhan thar oíche acmhainní ar líne chun áirithint lóistín a dhéanamh. D'fhéadfadh an figiúr seo bheith níos airde mar gur dhein formhór na bhfreagróirí (29%) áirithint go díreach leis an soláthróir, go leor acu, is dócha, trí láithreán gréasáin na soláthróirí féin. Teastaíonn ó thurasóirí bheith ábalta cumarsáid a dhéanamh go díreach lena gcuid soláthróirí turasóireachta – fiú más ar líne é, agus tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh soláthróirí beart éifeachtach ina thaobh seo trí phróifíl ar líne le saoráid áirithinte idirghníomhach a bhunú. Léiríonn an suirbhé chomh maith na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann do sholáthróirí turasóireachta leathnú a dhéanamh ar a láithreacht ar-líne ar bheagán costais, b'fhéidir trí úsáid níos fearr a bhaint as na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, blaganna srl) mar mhodh chun cumarsáid a dhéanamh níos éifeachtaí le tomhaltóirí atá níos liteartha agus níos cumasaí ó thaobh na teicneolaíochta de.

- Is í comhairle ó 'chara nó ó ghaol' an fhoinse eolais/atreoraithe is tábhachtaí do na freagróirí le 45.1%. Tá ról ríthábhachtach ag an bhfógraíocht trí fhocal béil le tacaíocht a thabhairt do na feachtais mhargaíochta foirmiúla a bhíonn ag Fáilte Ireland agus eagraíochtaí eile. Meabhraíonn na torthaí seo dúinn arís eile an tábhacht a bhaineann le heispéireas ar chaighdeán ard a thabhairt do gach cuairteoir chun iad a spreagadh le haiseolas dearfach agus moltaí a thabhairt do chuairteoirí eile a bhfuil sé ar intinn acu dul ar saoire.

- Is é an margadh is mó idirnáisiúnta go dtí an ceantar staidéir ná Stáit Aontaithe Mheiriceá le 17.6% de na cuairteoirí. Is é an pointe iontrála traidisiúnta go dtí an tIardheisceart do chuairteoirí Mheiriceá ná Aerfort na Sionnainne. Bhí laghdú ar an iomlán de 23% sa

bhliain 2009 in eitiltí trasatlantacha isteach san aerfort, toisc gur laghdaigh iompróirí a seirbhísí de bharr an lagtrá eacnamaíochta[11].Tá impleachtaí diúltacha soiléire ag an laghdú seo ar eitiltí isteach go Aerfort na Sionainne ar Iarthar Chiarraí, agus mar sin tá sé ríthábhachtach tacú leis an gcur chuige bainistíochta nua atá ag an aerfort (samhail ghnó nua) chun, ar a laghad na leibhéil reatha d'eitiltí trasatlantacha isteach, a choimeád, agus straitéisí a fhorbairt chun an margadh sin a fhás le himeacht ama.

- Tá bunthábhacht leis an margadh ón mBreatain Mhór (a chuimsíonn Sasana, Alba agus An Bhreatain Bheag) d'Éirinn mar gurb é ár margadh idirnáisiúnta is mó, a thugann thar 3m cuairteoir go bliantúil chugainn agus a chuireann os cionn €1bn lenár ngeilleagar[12]. Tugann staitisticí reatha, áfach, le fios go bhfuil laghdú suntasach ar an margadh seo le roinnt blianta anuas, agus titim de 15% i líon na gcuairteoirí ón mBreatain Mhór go hÉirinn sa bhliain 2009. Toisc gurb é an tríú margadh is mó i gceantar an staidéir é, bheadh impleachtaí tromchúiseacha do thionscal turasóireachta an réigiúin, ag aon laghdú ar an margadh iomlán.

- Nasctha go dlúth leis an meath i margadh na Breataine Móire tá an tslí ina bhraitheann cuairteoirí na tíre sin go bhfuil laghdú ar luach ar airgead atá ar fáil dóibh agus iad ar laethanta saoire sa Phoblacht. I suirbhé ar Dhearcadh Cuairteoirí chun na hÉireann[13], ní dúirt ach 41% de chuairteoirí na Breataine go raibh siad an-sásta leis an 'luach maith ar airgead go ginearálta' in Éirinn, agus bhí 32% míshásta. Luaigh 41% chomh maith gur mhíbhuntáiste an 'costas ard maireachtála' ó thaobh saoire a chaitheamh anseo. Léiríonn figiúirí laghdú de 20% i luach an euro in aghaidh an sterling le 3 bliana anuas, rud a mhéadaíonn ar an bhfadhb. Cé nach bhfuil aon smacht go háitiúil ar rátaí malairte agus luaineachtaí airgeadra, ní mór do sholáthróirí turasóireachta eispéiris saoire níos iomaíoch ó thaobh praghasa a thabhairt do chustaiméirí ar an gcaighdeán is ansa leo agus ar an luach ar airgead atá á éileamh acu.

- Bhí níos mó ná leath (50.8%) de na freagróirí ar fad ar a gcéad chuairt ar an gceantar staidéir, figiúr atá níos mó ná an figiúr náisiúnta de 37%. Tá sé an-inmhianaithe gnó athuaire a chruthú in earnáil na turasóireachta, mar go bhfuil na costais mhargaíochta a bhaineann le custaiméir a mhealladh in athuair níos ísle agus is léiriú é ar shásamh custaiméirí má fhilleann siad, agus dá bharr d'fhéadfadh seo cáil na háite trí fhocal béil dearfach a scaipeadh. Is é an dúshlán atá roimh an tionscal ná a áiteamh ar na cuairteoirí a thug cuairt cheana féin ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne filleadh arís. Bunchloch na hoibre sin is ea an fhíric go ndúirt 97.9% de na freagróirí sa suirbhé go mbeidís sásta filleadh ar an gceantar arís le haghaidh saoire, figiúr a thabharfadh misneach do dhuine.

- Mar fhocal scoir, chuir Tuarascáil an Ghrúpa Athnuachana Turasóireachta (2009) trí chás ar fáil do thurasóireacht na hÉireann don mheántéarma, agus ag an bpointe seo, is é An Cás is Measa (féach Aguisín B) is réalaíoch as an trí. Mar gheall ar an staid idirnáisiúnta eacnamaíochta ag tráth scríofa na tuarascála seo, tá sé de dhualgas ar gach páirtí leasmhar in earnáil na turasóireachta ar fud cheantar an staidéir treisiú ar a gcuid iarrachtaí maidir le caighdeán, praghas agus bolscaireacht agus a bheith ag obair le chéile chun táirge turasóireachta ar leith a chur ar fáil.

Teorainneacha

Bhí na teorainneacha seo a leanas ar an anailís seo:

- Níor cheadaigh leagan amach an cheistneora breis mhíniúcháin sa chás gur thug cuairteoirí rátáil íseal d'áiteanna nó do réimsí áirithe.

- Toisc gur bhain an staidéar seo leis an nGaeltacht amháin, tá sé deacair comparáid dhíreach a dhéanamh le sonraí contae, réigiúnacha nó náisiúnta.

[11] Preas-ráiteas Aerfort na Sionainne Samhain 2009
[12] Fáilte Ireland Tourism Facts 2009
[13] Fáilte Ireland, Visitor Attitude Survey (VAS) 2009

Údarás na Gaeltachta

Suirbhé Turasóireachta
Chorca Dhuibhne 2010

Ceistneoir

Eolas faoin turasóir			Cód
1	Cá bhfuil cónaí ort? **(Más in Éirinn é, téigh go Ceist 4)**	Tír _____ Contae _____	
2	Córas Taistil go hÉirinn?	Aer 1 ❑ Farraige 2 ❑ Ó Thuaisceart Éireann 3 ❑	
3	Cad é do cheann scríbe in Éirinn? in Ireland? **(Ainmnigh suas le trí áit)**	1 _____ 2 _____ 3 _____	
4	Cén fáth is mó gur thug tú cuairt ar Chorca Dhuibhne? **(Cód singil amháin)**	Gnó 1 ❑ Cuairt ar chairde/ghaolta 2 ❑ Saoire/Caitheamh Aimsire 3 ❑ Eile 4 ❑	
5	Cé acu díobh seo is fearr a chuireann síos ar do chomhluadar i gCorca Dhuibhne?	I d'aonar 1 ❑ Lánúin 2 ❑ Clann 3 ❑ Eile 4 ❑	
6	Cé chomh minic agus a thugann tú cuairt ar Chorca Dhuibhne?	Mo chéad chuairt 1 ❑ Uair sa bhliain, nó níos lú 2 ❑ 2-4 uaire sa bhliain 3 ❑ Níos mó ná 4 uaire sa bhliain 4 ❑	
7	Má's é an chéad turas é, An raibh aon fhadhb agat teacht ar An Daingean? **(Má 'Bhí' nó 'Beagán' an freagra, tabhair fáth)**	Bhí 1 ❑ Beagán 2 ❑ Ní raibh 3 ❑ Fáth: _____	
8	An dtuigeann tú gur ceantar Gaeltachta í seo nó go labhartar Gaeilge anseo?	Tuigim 1 ❑ Ní thuigim 2 ❑	

Patrúin Lae/ Thar Oíche

Cód

9	Cé mhéid oíche a fhanfaidh tú in Éirinn? **(Más Éireannach, téir go Ceist 10)**	0 Oíche 1 ❑ 1 Oíche 2 ❑ 2-3 Oíche 3 ❑ 4-7 Oíche 4 ❑ 8+ Oíche 5 ❑	
10	Cé mhéid oíche a fhanfaidh tú i gCorca Dhuibhne?	0 Oíche 1 ❑ 1 Oíche 2 ❑ 2-3 Oíche 3 ❑ 4-7 Oíche 4 ❑ 8+ Oíche 5 ❑	
11	Má tá tú ag fanacht i gCorca Dhuibhne – Conas a chuir tú lóistín in áirithe? **(Cód singil amháin)**	Díreach leis an lóistín 1 ❑ Idirlíon 2 ❑ Trí ghníomhaire taistil 3 ❑ Ionad Eolais Turasóireachta 4 ❑ Níor chuir in áirithe roimh ré 5 ❑ Eile 6 ❑	

Eolas/Foinse Eolais

Cód

11 Cé acu seo thíos a bhí tábhachtach agus tú ag roghnú Corca Dhuibhne mar ionad saoire?

Cuir Tic (✓) sa bhosca/sna boscaí thíos

	Ceist 12 Tábhachtach i do roghnú	
Gníomhaire Taistil/Tionscnóir Turas	1 ❑	
Bróisiúir Fáilte Éireann	2 ❑	
Bróisiúir eile/litríocht chun Éire a chur chun cinn	3 ❑	
Alt(anna) sna nuachtáin/iris(í)	4 ❑	
Comhairle ó chara, ó ghaol nó ó chomhleacaí	5 ❑	
Treoirleabhair	6 ❑	
An tIdirlíon *(Má roghnaíodh – luaigh foinse)* _____	7 ❑	
Fógraíocht	8 ❑	
Clár Taistil ar theilifís nó raidió	9 ❑	
Scannáin	10 ❑	
Eile *(Tabhair sonraí le do thoil)*	11 ❑	

Factóirí a mbeadh tionchar acu ar do chinneadh

13 ROIMH DO THURAS Cé chomh tábhachtach agus a bhí na rudaí seo a leanas agus tú ag roghnú Corca Dhuibhne mar ionad saoire?

Ar scála idir 1 agus 5, nuair atá 1 'níl sé tábhachtach in aon chor' agus 5 'an-tábhachtach'; cuir do scór sna boscaí thíos le do thoil.

1	2	3	4	5
Níl sé tábhachtach in aon chor	Níl sé tábhachtach	Ceachtar	Tábhachtach	An-thábhachtach

- Éasca le teacht air ❑
- Raon maith lóistín d'ard chaighdeán ar fáil ❑
- Radharcra álainn ❑
- Daoine cairdiúla, fáilteacha ❑
- Raon maith nithe stairiúla agus cultúrtha ar fáil ❑
- An Ghaeilge á labhairt san áit ❑
- Réimse leathan imeachtaí faoin aer ann: Spórt-usice, Iascaireacht, ❑
  galf, marcaíocht capall, siúl/siúl sléibhe, rothaíocht, srl ❑
- Luach do chuid airgid ❑
- Bia d'ard chaighdeán ❑
- Féilte agus imeachtaí chultúrtha ❑
- Siamsaíocht/Saol Sóisialta ❑

Caitheamh Aimsire

14 Cé acu seo thíos ar ghlac tú páirt iontu nó atá ar intinn agat a dhéanamh le linn duit bheith ar saoire i gCorca Dhuibhne? (féach Tábla 1 thíos)

15 Agus má ghlac tú páirt iontu, an raibh tú sásta le:
(a) An **caighdeán**
(b) An **praghas**

1	2	3	4	5
An mhí-shásta	Mí-shásta	Ceachtar	Sásta	An-sásta

Cuir scór idir 1 agus 5 sna boscaí thíos le do thoil de réir mar a oireann (1 = an mhí-shásta agus 5 = an-sásta). Mura bhfuil fhios agat, cuir tic (✓) sa bhosca.

TÁBLA 1

Caitheamh Aimsire	**Q14a Ar intinn agam** (Cuir tic)	**Q.14b Ghlac mé páirt ann** (Cuir tic)	**Q.15a Sásta le caighdeán** (Scór idir 1-5)	**Q.15b Sásta le praghas** (Scór idir 1-5)
Turas Báid	❑	❑	❑	❑
Rothaíocht	❑	❑	❑	❑
Marcaíocht ar Chapall	❑	❑	❑	❑
Féile	❑	❑	❑	❑
Iascaireacht	❑	❑	❑	❑
Galf	❑	❑	❑	❑
Siúl/Siúlóid Sléibhe	❑	❑	❑	❑
Seisiún Ceoil	❑	❑	❑	❑
Spórt Uisce	❑	❑	❑	❑
Áiteanna a bhfuil cuairt tugtha orthu	❑	❑	❑	❑
Láthair Oidhreachta/Seandálaíochta	❑	❑	❑	❑
Músaem/Ionad Oidhreachta	❑	❑	❑	❑
Tithe Tábhairne	❑	❑	❑	❑

Lóistín agus Caighdeán Bia

16 Cé acu seo thíos ar bhaint tú tairbhe astu agus tú ar saoire i gCorca Dhuibhne?
Féach Tábla 2 thíos
(Nota don lucht agallaimh: Mura fhuil ag fanacht thar oiche, na bac le ceist faoi loistin)

17 Ar scála idir 1 agus 5, nuair atá 1 'an mhí-shásta agus 5 'an-sásta', sonraigh le do thoil
(a) Caighdeán/ seirbhís chustaiméara
(b) Praghas
trí do scór a chur sna boscaí thíos

1	2	3	4	5
An mhí-shásta	Mí-shásta	Ceachtar	Sásta	An-sásta

Cuir scór idir 1 agus 5 sna boscaí thíos le do thoil de réir mar a oireann (1 = an mhí-shásta agus 5 = an-sásta). Mura bhfuil fhios agat, cuir tic (✓) sa bhosca.

TABLE 2

	16a Ar intinn agam	16b D'úsáid mé	Q.17a Sásta leis an gcaighdeán/ Seirbhís an chustaiméara	Q.17b Sasta le praghas
Lóistín	(Scór idir 1-5)	(Scór idir 1-5)	(Scór idir 1-5)	(Scór idir 1-5)
Óstán/Tithe Lóistín	❑	❑	❑	❑
B&Bs	❑	❑	❑	❑
Ar Cíos/Féinlónadóireachta	❑	❑	❑	❑
Dara Baile/Ar cuairt ag Cairde nó Gaolta (VFR)	❑	❑	❑	❑
Brú	❑	❑	❑	❑
Láthair Carbhán/campála le seirbhísí	❑	❑	❑	❑
Bia				
Bia sna hÓstáin	❑	❑	❑	❑
Bia i lóistín eile (B+B)	❑	❑	❑	❑
Bia i mBialanna ardchaighdeán	❑	❑	❑	❑
Bia i mBialanna ar chostas íseal	❑	❑	❑	❑
Bia i dtithe tábhairne	❑	❑	❑	❑

Sástacht san iomlán			Cód
18a Cur síos ar do thuras in iomláine **Cuir tic (✓) i mbosca amháin**	Ní raibh a shárú le fáil Díreach mar a bhí súil agam leis Ní raibh sé chomh maith agus a cheapas a bheadh	1 ❑ 2 ❑ 3 ❑	

MURA RAIBH A SHÁRÚ LE FÁIL:

18b Cad ina thaobh nach raibh? Líon isteach thíos	

Mura raibh sé chomh maith agus a cheap tú a bheadh:

18c Cad ina thaobh nach raibh? Líon isteach thíos	

19 An bhfillfidh tú ar Chorca Dhuibhne?	Fillfidh mé	1 ❑	Ní fhillfidh mé	2 ❑	

20 Tuairimí

Eolas ón bhfreagróir

Cód

21	Inscne	Fir 1 ❑	Baineann 2 ❑	
22	Aois	Suas go 18 mbliana	1 ❑	
		19 - 34 bliana	2 ❑	
		35 - 54 bliana	3 ❑	
		55+	4 ❑	
23	Cad é gairmbheatha phríomhshaothraí an tí? (Tabhair an méid eolais agus is féidir le do thoil) **Más Scortha:** Cad é gairmbheatha phríomhshaothraí an tí roimh scoir?			
	Bainistíocht/Proifisiúnta	1 ❑		
	Proifisiúnta gaolmhar/Teicniúil	2 ❑		
	Cléireachas	3 ❑		
	Ceardaíocht/Obair láimhe	4 ❑		
	Eile	5 ❑		

Nótaí Gairmbheatha

Bainistíocht/Proifisiúnta (include company/business manager, solicitor, doctor, accountant, architect, professors) –

High level of knowledge and experience and most occupations in this major group require a degree or equivalent qualification

Proifisiúnta gaolmhar/Teicniúil (include web designer, lab technician, medical/dental technician, journalist, taxation expert, broker, teacher, nursa garda)

Covers occupations whose main tasks require experience and knowledge of principles and practices necessary to assume operational responsibility and to give technical support to professionals.

Cléireachas (include secretarial and admin worker, sales, apprentices)

Ceardaíocht/Obair láimhe (include mechanics, carpenters, brick layers, machine operators, farmers, fishermen)

Normally these are experts in designated trades

Eile (include unemployed)

Úsáid Oifigiúil

Dáta _____ **Am** _____ **Ionad bailithe** _____ **Ainm an bhailitheora** _____

Síniú an bhailitheora _____

Aguisín B

Curtha in oiriúint ó 'New Horizons for Irish Tourism (Athbhreithniú Meántéarmach) Tuarascáil an Ghrúpa Athnuachana Turasóireachta' (2009)

An Cás is Measa do Thurasóireacht na hÉireann sa Mheántéarma

Comhthéacs Domhanda agus Éireannach (príomhphointí)

- Fásann an eacnamaíocht domhanda faoi bhun an ráta treochta i 2010-2013
- Fanann praghas an íle éiginnte agus bíonn spící praghasa ann go minic
- Laghdaíonn brúanna leanúnacha bealaí aeir agus farraige go domhanda, ach go háirithe in Éirinn toisc gur oileán beag í – agus agus de thoradh air seo go mbeidh laghdú mór nó fiú amháin deireadh iomlán iomaíochais ar phríomhbhealaí
- Tá sé costasach agus deacair teacht ar mhaoiniú agus creidmheas (go háirithe caipiteal oibre)
- Is coimhlint leanúnach é cúrsaí airgeadais phoiblí a thabhairt slán

Torthaí don Turasóireacht

- Leanann líon na gcuairteoirí ó thar lear ag titim, síos go 6m faoi 2013
- Titeann líon na dturasanna baile go leanúnach le linn 2009-2013 go díreach faoi bhun 6m
- Titeann líon na dturasanna saoire baile go mór faoi bhun 3m faoi 2013
- Titeann caiteachas ó chuairteoirí thar lear agus cuairteoirí baile go mór de dheasca tréimhsí saoire níos giorra agus ráta boilscithe
- Faoi 2013, beidh sciar an mhargaidh go domhanda, agus fiú laistigh den Eoraip, caillte ag Éirinn.